

## Financial Guideline P06 – 2021/2022

### COVID-19 Funding for Term 1 2021/2022

#### 1. Introduction

The Department of Education has issued notice to schools that COVID-19 Capitation Grant funding for Term 1 of the 2021/22 school year will be issued before the end of September 2021.

#### 2. Payments to Schools

Grant payments will be calculated using the same per capita rates as applied for the 2020/21 school year and will be based on recognised enrolments for September 2020.

COVID-19 Capitation Grants Term 1 - Rates per pupil		
Primary Schools	Mainstream	Special Classes/ Special School
Enhanced Cleaning	€21.00	€25.67
PPE	€20.00	€80.00
<p><b>Note:</b> Grants paid to schools with an enrolment of equal to or less than 60 pupils are based on a minimum enrolment of 60 pupils.</p>		

**Illustrative examples of the value of these grants payable for schools of various sizes**

Primary Schools		
Value of COVID-19 Capitation Grants - Mainstream Rate - Term 1 21/22 School year		
Pupil Enrolment	Cleaning	PPE
Up to 60	€1,260	€1,200
100	€2,100	€2,000
200	€4,200	€4,000
400	€8,400	€8,000
600	€12,600	€12,000

<b>Primary Special Schools</b>		
<b>Value of COVID-19 Capitation Grants – Enhanced Rate - Term 1 21/22 School year</b>		
<b>No of Teachers</b>	<b>Cleaning</b>	<b>PPE</b>
1	€1,540	€4,800
2	€1,592	€4,960
3	€2,464	€7,680
4	€3,337	€10,400
5	€4,210	€13,120
6	€5,057	€15,760
7	€5,853	€18,240
8	€6,623	€20,640
9	€6,982	€21,760
10	€7,829	€24,400
11	€8,676	€27,040
12	€9,524	€29,680
13	€10,371	€32,320
14	€11,218	€34,960
15	€12,065	€37,600
16	€12,912	€40,240

Schools may utilise funding provided across the range of grants to ensure adequate cash flow at certain times.

Schools that are currently in the developing stage will have the additional supports calculated based on the projected enrolment for September 2021.

A template to calculate Covid-19 grant entitlements for Term 1 is available [HERE](#).

### 3. Utilisation of grants

See the following financial guidelines for further information on the utilisation of these grants:

- [Financial Guideline P21 - 2019-2020 - COVID-19 Financial Supports for the Full Return to School](#)
- [Financial Guideline P22 - 2019-2020 - Guidance for Primary Schools on: A. PPE, Consumables and Equipment and B. Update on Coding for recording COVID-19 Grants Income and Expenditure](#)

Income and expenditure must continue to be recorded in school accounts and attributed to the individual grants as appropriate.

Schools are reminded to ensure that stocks are managed and procured appropriately to avoid any overstocking of supplies. This is to ensure that value for money is being achieved and to avoid wastage.

### 4. Unspent grants

Any unspent COVID-19 Capitation related grants for the 20/21 school year should be returned by schools to the Department's bank account by electronic funds transfer by 30th September 2021. One lodgement covering all grants (Enhanced Cleaning, PPE, and COVID Aide as appropriate) should be made.

See [Financial Guideline P14 2020/2021 - COVID-19 Funding for Term 3](#) for further information.

**Please note the Department have clarified that schools can offset the overspend on one COVID Capitation Grant against the underspend on another COVID Capitation Grant. This arrangement does not include the COVID Minor Works Grant.**

Any unspent COVID-19 Capitation Grants related funding for 2021/2022 will have also have to be returned to the Department and details of the arrangements for this will be provided at a later stage.

Further queries may be directed to the Department by email to: [covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie) or by telephone: **057 9324461**.

**If you require any further information, please email [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) or phone (01) 910 4020**

**Financial Support Services Unit**  
September 2021

## Treoirlíne Airgeadais P06 – 2021/2022

### Maoiniú COVID-19 le haghaidh Théarma 1 2021/2022

#### 1. Réamhrá

Tá fógra eisithe ag an Roinn Oideachais do scoileanna go gcuirfear maoiniú Deontais Caipitíochta COVID-19 le haghaidh Théarma 1 de scoilbhliain 2021/22 ar fáil roimh dheireadh Mheán Fómhair 2021.

#### 2. Íocaíochtaí do Scoileanna

Úsáidfear na rátaí céanna per capita agus a cuireadh i bhfeidhm i gcás scoilbhliain 2020/21 nuair a bheidh na híocaíochtaí deontais á ríomh agus beidh siad bunaithe ar an líon aitheanta ar rolla i gcomhair Mheán Fómhair 2020.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Théarma 1 – Rátaí in aghaidh an dalta		
Bunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta/ Scoil Speisialta
Glanadh Feabhsaithe	€21.00	€25.67
PPE	€20.00	€80.00
<b>Tabhair faoi deara:</b> Na deontais a íocfar le scoileanna a bhfuil 60 dalta nó níos lú ar a rolla, beidh siad sin bunaithe ar rollú íosta de 60 dalta.		

**Samplaí léiritheacha de luach na ndeontas iníoctha sin do scoileanna a bhfuil méideanna éagsúla a baint leo**

Bunscoileanna		
Luach Dheontais Chaipitíochta COVID-19 - an Ráta Príomhshrutha - Téarma 1 Scoilbhliain 21/22		
Líon na nDaltaí ar an Rolla	Glantachán	PPE
Suas le 60	€1,260	€1,200
100	€2,100	€2,000
200	€4,200	€4,000
400	€8,400	€8,000
600	€12,600	€12,000

<b>Bunscoileanna Speisialta</b>		
<b>Luach Dheontais Chaipitíochta COVID-19 – an Ráta Breisithe</b>		
<b>Téarma 1</b>		
<b>Scoilbhliain 21/22</b>		
<b>Líon Múinteoirí</b>	<b>Glantachán</b>	<b>PPE</b>
1	€1,540	€4,800
2	€1,592	€4,960
3	€2,464	€7,680
4	€3,337	€10,400
5	€4,210	€13,120
6	€5,057	€15,760
7	€5,853	€18,240
8	€6,623	€20,640
9	€6,982	€21,760
10	€7,829	€24,400
11	€8,676	€27,040
12	€9,524	€29,680
13	€10,371	€32,320
14	€11,218	€34,960
15	€12,065	€37,600
16	€12,912	€40,240

Féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as an maoiniú a chuirfear ar fáil ar fud réimse na ndeontas lena chinntiú go mbeidh sreabhadh airgid dóthanach ann in amanna áirithe.

I gcás scoileanna atá sa chéim forbartha faoi láthair, déanfar na tacaíochtaí breise dóibh siúd a ríomh bunaithe ar an líon measta daltaí ar an rolla le haghaidh Mheán Fómhair 2021.

Tá teimpléad chun teidlíochtaí dheontais Covid-19 le haghaidh Théarma 1 a ríomh ar fáil [ANSEO](#).

### 3. Úsáid deontas

Féach na treoirlínte airgeadais seo a leanas chun tuilleadh eolais a fháil faoi úsáid na ndeontas seo:

- [Treoirlíne Airgeadais P21 - 2019-2020 - Tacaíochtaí Airgeadais COVID-19 don Fhilleadh Iomlán ar an Scoil](#)
- [Treoirlíne Airgeadais P22 - 2019-2020 - Treoirlínte do Bhunscoileanna maidir le: A. Trealamh Cosanta Pearsanta, Tomhaltáin agus Trealamh agus B. Tuairisc nuashonraithe maidir leis na Cóid atá le húsáid chun Ioncam agus Caiteachas Dheontais COVID-19 a Thaifeadh](#)

Ní mór leanúint d'ioncam agus caiteachas a thaifeadh i gcuntais na scoile agus a shannadh mar is cuí do na deontais aonair.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach mór dóibh a chinntiú go mbainisteofar agus go soláthrófar stoic go cuí ionas go seachnófar róstocáil soláthairtí. Is amhlaidh an cás lena chinntiú go mbainfear amach luach ar airgead agus nach gcuirfear acmhainní amú.

### 4. Deontais gan Caitheamh

Aon deontais gan caitheamh i dtaca le Caipitíocht COVID-19 don scoilbhliain 20/21, ba cheart do scoileanna ríomhaistriú airgid a úsáid chun iad a chur ar ais chuig cuntas bainc na Roinne faoin 30 Meán Fómhair 2021. Moltar aon lóisteáil amháin a dhéanamh, a chlúdóidh gach deontas (glantachán feabhsaithe, PPE, agus Cuiditheoir COVID mar is cuí).

Féach [Treoirlíne Airgid P14 2020/2021 - Maoiniú COVID-19 le haghaidh Théarma 3](#) le tuilleadh eolais a fháil.

**Tabhair do d'aire go bhfuil sé soiléirithe ag an Roinn go bhféadfaidh scoileanna an róchaitheamh ar Dheontas Caipitíochta COVID-19 amháin a fhritháireamh i gcoinne an tearc-chaithimh ar Dheontas Caipitíochta COVID-19 eile. Níl Deontas Mionoibreacha COVID-19 á chur san áireamh sa socrú sin.**

Maidir le haon mhaoiniú a bhaineann le Deontais Chaipitíochta COVID-19 le haghaidh 2021/2022 agus nach gcaithfear, caithefear iad sin a chur ar ais chun na Roinne fosta. Cuirfear mionsonraí na socruithe ina thaobh sin ar fáil níos faide anonn.

Is féidir ceisteanna eile a sheoladh chun na Roinne ar an ríomhphost chuig: [covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie) nó ar an teileafón: **057 9324461**.

**Má bhíonn aon fhaisnéis bhreise uait, ná bíodh drogall ort ríomhphost a chur chuig [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) nó glao a chur ar (01) 910 4020**

**An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais**  
Meán Fómhair 2021